ESB NETWORKS

# Ceacht Leibhéil Shinsearaigh 3: Leictreachas – Seoltóirí agus Inslitheoirí

## Naisc Churaclaim

**OSCE › Fuinneamh agus Fórsaí › Maighnéadas agus Leictreachas**

**OSCE › Ábhair › Ábhair agus Athrú**

**OSPS › Mé Féin › Sábháilteacht agus Cosaint**

## Cuspóirí

1. Faigh tuiscint ar an gcoincheap de sheoltóirí agus inslitheoirí leictreacha
2. Fiosraigh an bhfuil ábhair áirithe ina seoltóirí nó inslitheoirí leictreacha
3. Rangaigh na hábhair mar na cinn a sheolann leictreachas agus na cinn nach ligeann do leictreachas dul tríothu

## Acmhainní

Pinn, bileog gníomhaíochta ‘Seoltóirí agus Inslitheoirí Leictreacha’ ar líne atá ar fáil ar www.esbnetworks.ie/education nó cóipleabhar, páipéar A4/A3 d’obair i ngrúpaí.

**Trealamh fiosrúcháin:** Bolgán, ceallra, 3 shreang, rogha earraí déanta as ábhair éagsúla e.g. páipéar, spúnóg phlaisteach, spúnóg mhiotail, fáiscíní páipéir, banda rubair, rialóir adhmaid, bonn, tairne, péire spéaclaí, éadach, cloch.

## Réamhrá


- Iarr ar na daltaí dul siar a chaitheamh ar cheacht 1 maidir le cad a tharlaíonn nuair a leagann duine lámha fliucha ar fhearas (faigheann siad turraing leictreach). Fiosraigh é seo, agus tabhair leid dóibh a rá gur féidir le daoine gníomhú mar sheoltóirí leictreacha, agus ligeann siad don sruth leictreach sreabhadh trína gcoirp. Mínigh an téarma seoltóir (féach sainmhíniú thíos).
- Taispeáin plocóid do na daltaí. Iarr orthu machnamh a dhéanamh faoin gcúis nach bhfaigheann daoine turraing leictreach nuair a chuireann siad plocóid isteach i soicéad den phríomhlíonra. Tabhair leid dóibh a rá go bhfuil an chásáil den phlocóid déanta as plaisteach nó rubar, nach ligeann don leictreachas dul tríothu. Is inslitheoir leictreach é (féach sainmhíniú thíos).

**Seoltóir leictreach** – ábhar a ligeann don leictreachas dul tríd.

**Inslitheoir leictreach** – ábhar nach ligeann don leictreachas dul tríd nó a mhoillíonn an sreabhadh leictreachais.

## Forbairt

- Iarr ar na daltaí, mar rang, roinnt ábhar a ainmniú agus déan liosta díobh ar an gclár e.g. miotal, adhmad, plaisteach, rubar, fabraic, páipéar, gloine, cloch.
- Roinn an rang isteach i ngrúpaí, agus tabhair gach ceann díobh páipéar A4. Iarr ar gach grúpa dhá cholún de ‘Seoltóirí’ agus ‘Inslitheoirí’ a tharraingt. Iarr orthu liosta a dhéanamh d’aon earraí atá déanta as na hábhair seo a cheapann siad a ghníomhóidh mar sheoltóir/inslitheoir leictreach.
- Mar rang, nó i ngrúpaí beaga, leag amach an fiosrú seo a leanas.



***Ná déan dearmad Fan Slán i gCónaí le leictreachas agus Fan Amach uaidh!**

# Ceacht Leibhéil Shinsearaigh 3: Leictreachas – Seoltóirí agus Inslitheoirí

## Fiosrú ar Sheoltóirí agus Inslitheoirí

1. Tabhair cóip den bhileog gníomhaíochta 'Seoltóirí agus Inslitheoirí' do gach grúpa/dalta (nó iarr orthu taifead den fhiosrú a scríobh isteach ina gcóipleabhar). Iarr orthu a thuar cad iad na hábhair atá ina seoltóirí/inslitheoirí agus a dtuartha a thaifeadadh ar an mbileoga gníomhaíochta.

2. Leag amach ciorcad simplí mar a thaispeántar sa léaráid thuas.

3. Déan tástáil ar gach earra mar seo a leanas: Leag an bun saor den dá shreang A agus B ar an earra atá á thástáil agat. Má lasann an bolgán is seoltóir leictreach é an t-earra. Mura lasann sé is inslitheoir é. A ghile is atá an bolgán, is ea is fearr atá an t-earra ag seoladh.

4. Breathnaigh ar na torthaí agus déan taifeadadh díobh. Cuir na tuartha i gcomparáid leis na torthaí. Pléigh mar rang, agus déan liosta ar an gclár cé acu na hábhair atá ina seoltóirí/inslitheoirí leictreacha. Pléigh an tábhacht a bhaineann le hábhair a bheith ina seoltóirí/inslitheoirí sa tsábháilteacht leictreach e.g. plaisteach in úsáid ar chásáil plocóide, cáblaí.

## Clabhsúr

Roinn an rang isteach i ngrúpaí, agus tabhair páipéar A4/A3 do gach grúpa. Iarr orthu meaisín/feithicil a shamhlú agus a dhearadh inar féidir le sárlaoch bogadh go sábháilte trí sheomra atá lán le leictreachas. Cuir i gcuimhne do na daltaí machnamh a dhéanamh ar na hábhair a úsáidfidh siad chun an t-insliú is fearr a thabhairt don sárlaoch.

## Gníomhaíocht Bhreise

- Déan fiosrú cosúil leis an gceann thuas, an uair seo ag fiosrú cad iad na miotail atá mar na seoltóirí leictreachais is fearr.
- Iarr ar na daltaí iniúchadh a dhéanamh ar na hábhair a úsáidtear i bhfearais leictreacha ar fud an tseomra ranga/ na scoile.